



Coimisiún na Scrúduithe Stáit

**Scrúdú na hArdteistiméireachta,
2022**

Scéim Marcála

Oideachas Reiligiúnach

Ardleibhéal

Nóta do mhúinteoirí agus do dhaltáí ar úsáid scéimeanna marcála foilsithe

Níl sé i gceist go mbeidh scéimeanna marcála atá foilsithe ag Coimisiún na Scrúduithe Stáit ina ndoiciméid aonair. Is acmhainn riachtanach iad le haghaidh scrúdaitheoirí a gcuirtear oiliúint orthu maidir le léirmhíniú ceart a fháil ar an scéim agus cur i bhfeidhm ceart na scéime. Is éard atá i gceist leis an oiliúint seo, i measc nithe eile, samplaí marcála obair daltaí agus na marcanna a bhronntar a phlé, chun cur i bhfeidhm ceart na scéime a shoiléiriú. Ina dhiaidh sin déanann na Scrúdaitheoirí Comhairleacha monatóireacht ar obair na gceartaitheoirí chun cur i bhfeidhm comhsheasmhach agus cruinn na scéime marcála a chinntiú. Déanann an Príomhscrúdaitheoir maoirseacht ar an bpróiseas seo, le cabhair ó Phríomhscrúdaitheoir Comhairleach de ghnáth. Is é an Príomhscrúdaitheoir an t-údarás deiridh maidir le cé acu ar cuireadh an scéim marcála i bhfeidhm i gceart ar aon phíosa oibre iarrthóra nó nár cuireadh.

Is dréachtdhoiciméid iad scéimeanna marcála. Cé go n-ullmhaítear dréachtscéim marcála roimh an scrúdú, ní chuirtear an scéim i gcrích go dtí go gcuireann ceartaitheoirí i bhfeidhm í ar obair iarrthóirí agus go mbailítear an t-aiseolas ó na ceartaitheoirí go léir agus go ndéantar é a mheas i bhfianaise réimse iomlán fhreagraí na n-iarrthóirí, leibhéal iomlán deacrachta an scrúdaithe agus an gá le comhsheasmhacht a chaomhnú ó thaobh caighdeáin de ó bhliain go bliain. Tá an scéim dheiridh ar fáil sa doiciméad foilsithe sin, de réir mar a cuireadh i bhfeidhm í ar obair na n-iarrthóirí go léir.

I gcás scéimeanna marcála a chuimsíonn réitigh shamplacha nó freagraí samplacha, is fiú a thabhairt faoi deara nach bhfuil sé i gceist go mbeidh siad uileghabhálach. D'fhéadfadh sé go mbeadh malairtí leagain agus leaganacha difriúla inghlactha. Ní mór do cheartaitheoirí gach freagra a mheas de réir a bhfiúntais, agus moltar dóibh dul i gcomhairle lena gCeartaitheoirí Comhairleacha i gcás amhrais.

Scéimeanna Marcála sa Todhchaí

Ba chóir aon tuairimí faoi scéimeanna marcála sa todhchaí bunaithe ar scéimeanna ón am atá thart a sheachaint. Cé go bhfuil na bunphrionsabail mheasúnachta mar an gcéanna, d'fhéadfadh sé go mbeadh athrú ar na sonraí a bhaineann le marcáil cineál faoi leith ceiste i bhfianaise fheidhm na ceiste sin sa scrúdú trí chéile in aon bhliain ar leith. Tá an fhreagracht ar an bPríomhscrúdaitheoir in aon bhliain ar leith cinneadh a dhéanamh ar conas is fearr a chinntiú go mbeidh measúnú cóir agus cruinn ar obair iarrthóirí agus chun a chinntiú go mbeidh comhsheasmhacht ann maidir le caighdeán an mheasúnaithe ó bhliain go bliain. Dá réir sin, d'fhéadfadh sé go mbeadh athrú ar ghnéithe den struchtúr, mionsonraí agus cur i bhfeidhm na scéime marcála maidir le scrúdú faoi leith ó bhliain amháin go bliain eile gan fógra.

Réamhrá Ginearálta

Tá an measúnú ar Oideachas Reiligiúnach san Ardteistiméireacht Ardleibhéil bunaithe ar aidhmeanna, ar chuspóirí agus ar thorthaí gach roinne de shiollabas an Oideachais Reiligiúnaigh don Ardteistiméireacht a d'fhoilsigh an Roinn Oideachais agus Scileanna in 2003.

Nuair a ghrádaítear marc i scéim marcála an scrúdaithe, bronnar an marc do fhreagra an iarrthóra laistigh de raon ó shármhaith go han-mhaith, maith, réasúnta, lag, an-lag agus gan grád ar bith. In go leor cásanna ní thugtar ach príomhfhrásaí ina bhfuil an t-eolas agus na smaointe a chaithfidh a bheith i bhfreagra an iarrthóra chun na marcanna sannta a thuilleamh. Caithfear focail, nathanna cainte nó frásaí a úsáid i gceart i gcomhthéacs agus níor cheart iad a bhréagnú, agus más léir go n-úsáidtear go mícheart iad nó go mbréagnaítear iad, ní féidir na marcanna a thabhairt.

Níl na tuairiscí, na sainmhínithe ná na pointí a thugtar sa scéim uileghabhálach agus is féidir glacadh le freagraí malartacha bailí eile. Más rud é go bhfuil tú neamhchinnte faoi bhailíocht freagra mhalartaigh, téigh i gcomhairle le do Scrúdaitheoir Comhairleach.

Scrúdú na hArdteistiméireachta Oideachas Reiligiúnach Marcáil ar líne Nótaí Mínithe Deiridh don Scrúdú

Nóta mínithe	Cur síos	Arna Léiriú
MC ✓	Cód MC ✓ ar an imeall clé de fhreagarleabhar an iarrthóra.	An chéad píosa fianaise maidir le Critéir Mharcála na ceiste i bhfreagarleabhar an iarrthóra.
MC^x	Cód MC^x ar an imeall clé de fhreagarleabhair an iarrthóra.	Níl aon fhianaise maidir le Critéir Mharcála na ceiste i bhfreagarleabhar an iarrthóra.
[	Cód [ar an imeall clé de fhreagarleabhar an iarrthóra.	Tús de fhreagra dúblach do cheist ar bronnadh marcanna air cheana.
]	Cód] ar an imeall clé de fhreagarleabhar an iarrthóra.	Críoch de fhreagra dúblach do cheist ar bronnadh marcanna air cheana.
⋈	Cód ⋈ líne ingearach chorrach ar an imeall clé de fhreagarleabhar an iarrthóra.	Leathanach bán feicthe ag an scrúdaitheoir/Níl aon fhianaise feicthe ag an scrúdaitheoir de fhreagra an iarrthóra ar an leathanach seo.
✓ 1	Cód ✓ 1 ar an imeall clé de fhreagarleabhar an iarrthóra.	Fianaise maidir le Critéir Mharcála i ceiste G (a) (ii) tagairt á déanamh do mhisteach amháin ó na reiligiúin arna liostú.
✓ 2	Cód ✓ 2 ar an imeall clé de fhreagarleabhar an iarrthóra.	Fianaise maidir le Critéir Mharcála i ceiste G (a) (ii) tagairt á déanamh do mhisteach eile ó na reiligiúin arna liostú.

AONAD A HAON

Ní mór d'iarrthóirí cuid a) agus cuid b) a fhreagairt as ceann **amháin** den dá cheist seo a leanas.

Roinn A Ceist 1 (a)

Tabhair breac-chuntas ar an gcaoi a ndearna dhá mhiotas ó chultúir ársa iarracht buncheisteanna faoi bhrí na beatha a fhreagairt. 20Mx2

Critéir Mharcála agus pointí tagartha

Léireoidh freagra sármhaith an tslí ar úsáideadh teanga shamhaltach i gcuardach an duine don bhrí trí eolas cruinn a thabhairt maidir le conas a rinne dhá mhiotas, a bhaineann le saoil na ndaoine fadó, iarracht chun ceist nó ceisteanna a fhreagairt maidir le brí na beatha m.sh.

- ‘Eipic Ghiolgaimis’ ón mBablóin — ceisteanna maidir le rúndiamhair an bháis, cad a rinne an cine daonna chun an bás a bheith tuillte acu srl.
- Cuntais chruthaíochta Gheineasas — ceisteanna faoi bhunús na beatha, ag léiriú cruinneshamhla Giúdaí i.e. an tslí ina bhfuil Dia amháin freagrach as cruthú na ndúl srl.
- Srl.

Nóta: Glac le tagairt intuigthe do cheisteanna tábhachtacha faoi bhrí na beatha.

A 1 (a)	SÁRMHAITH	AN-MHAITH	MAITH	RÉASÚNTA	LAG - AN LAG - GAN AON GHRÁD	
Fianaise ar MC - an tslí a ndearna dhá mhiotas ársa iarracht ceist nó ceisteanna a fhreagairt maidir le brí na beatha	fianaise shubstaintiúil	fianaise an-mhaith	fianaise mhaith	fianaise leordhóthanach	fianaise uireasach	fíorbheagán fianaise/gan aon fhianaise
Baint	baint iomlán agus shoiléir	baint shoiléir	baint ghinearálta	baint theoranta	baint bheag	Gan bhaint
Úsáid scile(anna) chun eolas cruinn a leagan amach	eolas leagtha amach go sármhaith	eolas leagtha amach go han-mhaith	eolas leagtha amach go maith	roinnt eolais leagtha amach	is beag an t-eolas atá leagtha amach	is an-beag an t-eolas atá leagtha amach/ní leagtar eolas amach
Cruinneas Fíorasach	gan aon mhórearráid(i)	is an-bheag an earráid/na hearráidí atá ann	is beag na mórearráidí atá ann	roinnt mórearráidí ann	mórán mórearráidí ann	earráid shubstaintiúil/earráidí substaintiúla ann
20 Marcx2	20 - 17	16 - 14	13 - 11	10 - 8	7 - 5	4 - 0

Roinn A Ceist 1 (b)

Cuir i gcomparáid an chaoi a ndéantar buncheist faoin mbeatha a láimhseáil i miotas ársa, agus an chaoi a bhfreagraítear í ó thaobh na heolaíochta de sa lá atá inniu ann. 40M/20Mx2

Critéir Mharcála agus pointí tagartha

Léireoidh freagra sármhaith tuiscint ar chuardach an duine don bhrí trí chosúlacht nó cosúlachtaí agus/nó difríocht nó difríochtaí a shainaithint go cruinn maidir leis an tslí a bhfreagraítear ceist faoin saol i miotas, a bhaineann le daoine fadó agus le heolaíocht na linne m.sh.

- Léiríonn miotas cruthaíochta Gheineasas an tslí ar chruthaigh Dia an domhain thar thréimhse sé lá. Téann sé seo i gcodarsnacht leis na staidéir eolaíochta ar 'Theoiric na hOllphléisce' a dúirt gur fhorbair an chruinne ó bhunús an-bheag, núicléas, a phléasc agus a d'fhás go tapa srl.
- Cuireann Eipic Ghiolgaimis an cheist más féidir le daoine maireachtáil go deo. Críochnaíonn an miotas le léiriú gur dosheachanta an rud é an bás do gach duine, rud atá cosúil le teoiricí eolaíocht na linne a chreideann gurb é an bás an críoch agus nach féidir é a sheachadadh srl.
- Srl.

Nóta: Ceadaiigh tagairt intuigthe do chosúlacht agus/nó difríocht amháin nó níos mó.

A 1 (b)	SÁRMHAITH	AN-MHAITH	MAITH	RÉASÚNTA	LAG - AN LAG - GAN AON GHRÁD	
Fianaise ar MC - an tslí ina bhfreagraítear ceist faoin saol i miotas ársa agus in eolaíocht na linne	fianaise shubstaintiúil	fianaise an-mhaith	fianaise mhaith	fianaise leordhóthanach	fianaise uireasach	fíorbheagán fianaise/gan aon fhianaise
Baint	baint iomlán agus shoiléir	baint shoiléir	baint ghinearálta	baint theoranta	baint bheag	Gan bhaint
Úsáid scile(anna) - cosúlacht agus/nó difríocht amháin nó níos mó a shainaithint go cruinn	sainaithint shármhaith de chosúlacht/difríocht	sainaithint an-mhaith de chosúlacht/difríocht	sainaithint mhaith de chosúlacht/difríocht	roinnt sainaitheanta de chosúlacht/difríocht	is beag an tsainaithint de chosúlacht/difríocht atá ann	is an-beag an tsainaithint de chosúlacht/difríocht atá ann/ní shainaithnítear cosúlacht/difríocht
Cruinneas Fíorasach	gan aon mhór-earráid(i)	is an-bheag an earráid/na hearráidí atá ann	is beag na mór-earráidí atá ann	roinnt mór-earráidí ann	mórán mór-earráidí ann	earráid shubstaintiúil/earráidí substaintiúla ann
40 Marc	40 - 34	33 - 28	27 - 22	21 - 16	15 - 10	9 - 0
20 Marc x2	20 - 17	16 - 14	13 - 11	10 - 8	7 - 5	4 - 0

Roinn A Ceist 2 (a)

● An Búdachas ● An Chríostaíocht ● An Hiondúchas ● Ioslam ● An Giúdachas
Mínigh conas a imríonn an tuiscint ar Dhia/déithe/an tarchéimnitheach in dhá cheann de na reiligiúin thuas tionchar ar an gcaoi a mbaineann a gcuid ball tátal as téacsanna diaga na laethanta seo. 20Mx2

Critéir mharcála agus pointí tagartha

Léireoidh freagra sármhaith tuiscint ar an bhfoilsíú ó Dhia/ar an tarchéimnitheach trí bhealach chruinn amháin nó níos mó a thabhairt ina dtéann an tuiscint ar Dhia/déithe/ an tarchéimnitheach i bhfeidhm ar an mbealach a mbaintear ciall as téacsanna diaga sa lá atá inniu ann in dhá cheann de na creidimh arna liostú sa cheist m.sh.

- An Búdachas - creideann Búdaithe gur tarchéimnitheach é an teagasc Dharma, ‘an fhírinne shíoraí’; Tugtar urraim do Bhúdaithe/Bodhisattvanna mar léirithe cruthanta ar bhuanna síoraí spioradálta agus d’fhéadfaidís dul i bhfeidhm ar an tuiscint atá ar na Tripitaka agus teagaisc an Bhúda do roinnt Búdaithe srl.
- An Chríostaíocht - D’fhéadfadh an creideamh go bhfuil Dia taobh istigh den bheatha daonna (m.sh. ionchollú srl.) ach ag an am céanna go dtarchéimníonn sé a teorannacha (m.sh. triúir in aon Dia amháin srl.) dul i bhfeidhm ar an tslí ina mbaintear ciall as Soiscéil an Tiomna Nua mar bhriathar Dé srl.
- Ioslam - An creideamh go bhfuil Allah taobh istigh den bheatha daonna ach ag an am céanna go dtarchéimníonn sé a teorannacha; creidtear gur briathra Allah iad na focail atá sa Chórán a d’fhéadfadh dul i bhfeidhm ar chreidimh, go mothóidís níos ceangailte le Allah trí aithris agus urnaí tríd an gCórán á úsáid srl.
- Srl.

A 2(a)	SÁRMHAITH	AN-MHAITH	MAITH	RÉASÚNTA	LAG - AN LAG - GAN AON GHRÁD	
Fianaise ar MC - conas a théann tuiscint ar Dhia/déithe/an tarchéimnitheach i bhfeidhm ar an mbealach a mbaintear ciall as téacsanna diaga	fianaise shubstaintiúil	fianaise an-mhaith	fianaise mhaith	fianaise leordhóthanach	fianaise uireasach	fíorbheagán fianaise/gan aon fhianaise
Baint	baint iomlán agus shoiléir	baint shoiléir	baint ghinearálta	baint theoranta	baint bheag	Gan bhaint
Úsáid scile(anna) – cuntas ar chúis(eanna) b(h)ailí leis an tionchar	Cuntas sármhaith ar an tionchar	Cuntas an-mhaith ar an tionchar	Cuntas maith ar an tionchar	Cuntas éigean ar an tionchar	Is beag an cuntas a rinneadh ar an tionchar	Is an-bheag an cuntas a rinneadh/ní dhearnadh aon chuntas ar an tionchar
Cruinneas Fíorasach	gan aon mhór-earráid(i)	is an-bheag an earráid/na hearráidí atá ann	is beag na mór-earráidí atá ann	roinnt mór-earráidí ann	mórán mór-earráidí ann	earráid shubstaintiúil/earráidí substaintiúla ann
20 Marc x2	20 - 17	16 - 14	13 - 11	10 - 8	7 - 5	4 - 0

Roinn A Ceist 2 (b)

Samhlaigh go raibh deis agat labhairt le hAinseilm agus le hAcaín (Aquinas) maidir lena dtuiscint ar Dhia.

Tabhair breac-chuntas ar cad a déarfadh gach duine den bheirt, dar leat, maidir le conas is féidir le creideamh go bhfuil Dia ann cabhrú le duine atá ag lorg bhrí na beatha sa lá atá inniu ann. 20Mx2

Critéir Mharcála agus pointí tagartha

Léireoidh freagra sármhaith eolas ar choincheap Dé trí eolas cruinn a leagan amach maidir leis an tslí a bhféadfadh tuairimí Ainseilm agus Acaín maidir le Dia a bheith ann cuidiú le duine atá ag lorg bhrí na beatha sa lá atá inniu ann m.sh.

- D'fhéadfadh smaointí Ainseilm, go bhfuil Dia ann sa saol mar atá toisc go bhfuil sé ann in intinn an duine, cuidiú le duine atá ag lorg brí sa bheatha trí bhraistint chuspóra a thabhairt dóibh.
- Dhírigh Acaín ar an gcaoi nach bhfuil míniú ag an domhan, ann féin, maidir lena bheith ann, a intuigtheacht nó a áilleacht. Rinne Acaín an cás go léiríonn an paradacsa seo glacadh le Dia mar bhunús agus sprioc an domhain, a d'fhéadfadh tuiscint a thabhairt do dhuine ar an domhan agus ar an domhan a bheith ann srl.

A 2 (b)	SÁRMHAITH	AN-MHAITH	MAITH	RÉASÚNTA	LAG - AN LAG - GAN AON GHRÁD	
Fianaise ar MC – conas is féidir le tuairimí Ainseilm agus Acaín maidir le Dia a bheith ann cabhrú le duine atá ag lorg bhrí na beatha sa lá atá inniu ann.	fianaise shubstaintiúil	fianaise an-mhaith	fianaise mhaith	fianaise leordhóthanach	fianaise uireasach	fíorbheagán fianaise/gan aon fhianaise
Baint	baint iomlán agus shoiléir	baint shoiléir	baint ghinearálta	baint theoranta	baint bheag	Gan bhaint
Úsáid scile(anna) - chun eolas cruinn a leagan amach	eolas leagtha amach go sármhaith	eolas leagtha amach go han-mhaith	eolas leagtha amach go maith	roinnt eolais leagtha amach	is beag an t-eolas atá leagtha amach	is an-beag an t-eolas atá leagtha amach/ní leagtar eolas amach
Cruinneas Fíorasach	gan aon mhór-earráid(i)	is an-bheag an earráid/na hearráidí atá ann	is beag na mór-earráidí atá ann	roinnt mór-earráidí ann	mórán mór-earráidí ann	earráid shubstaintiúil/earráidí substaintiúla ann
20 Marc x2	20 - 17	16 - 14	13 - 11	10 - 8	7 - 5	4 - 0

AONAD A DÓ

Ní mór d'iarrthóirí dhá cheann ar bith de chodanna: a), b), c) a fhreagairt as ceann **amháin** de na trí roinn seo a leanas.

Roinn B (a)

Tabhair breac-chuntas ar an gcaoi a raibh tionchar ag riail na Róimhe sa Phalaistín ar gach ceann díobh seo thíos i rith shaol Íosa Nazórach. ● An Córas Polaitíochta ● An Córas Reiligiúnach. 20Mx2

Critéir Mharcála agus pointí tagartha

Léireoidh freagra sármhaith eolas ar an bPalaistín in aimsir Íosa trí fhaisnéis chruinn a leagan amach maidir le riail na Róimhe ar na córais pholaitíochta agus reiligiúnacha sa Palaistín in aimsir Íosa m.sh.

- Córas Polaitíochta - Bhí an Róimh i gceannas ar an ord polaitíochta sa Phalaistín in aimsir Íosa m.sh. Caesar - Impireacht na Róimhe, Pointias Píoláit - Gobharnóir na Róimhe; cumhacht eachtrannach a bhí ann agus mhothaigh an chuid ba mhó de dhaoine nach raibh siad in ann aon rud a dhéanamh in aghaidh na cumhachta srl.
- Córas Reiligiúnach - Bhí difríochtaí cultúrtha ann mar gheall ar ildíachas na Rómhánach agus aondiachas na nGiúdach; ba é an Sainidrí an foras rialaithe reiligiúnaigh leis an ardsagart mar cheannasaí; bhí na Sadúcaigh i gceannas ar an Sainidrí agus chomhoibrigh siad leis na Rómhánaigh srl.

B a)	SÁRMHAITH	AN-MHAITH	MAITH	RÉASÚNTA	LAG - AN LAG - GAN AON GHRÁD	
Fianaise ar MC - tionchar riail na Róimhe ar chórais pholaitíochta agus reiligiúnacha sa Phalaistín in aimsir Íosa	fianaise shubstaintiúil	fianaise an-mhaith	fianaise mhaith	fianaise leordhóthanach	fianaise uireasach	fíorbheagán fianaise/gan aon fhianaise
Baint	baint iomlán agus shoiléir	baint shoiléir	baint ghinearálta	baint theoranta	baint bheag	Gan bhaint
Úsáid scile(anna) - chun eolas cruinn a leagan amach	eolas leagtha amach go sármhaith	eolas leagtha amach go han-mhaith	eolas leagtha amach go maith	roinnt eolais leagtha amach	is beag an t-eolas atá leagtha amach	is an-beag an t-eolas atá leagtha amach/ní leagtar eolas amach
Cruinneas Fíorasach	gan aon mhór-earráid(i)	is an-bheag an earráid/na hearráidí atá ann	is beag na mór-earráidí atá ann	roinnt mór-earráidí ann	mórán mór-earráidí ann	earráid shubstaintiúil/earráidí substaintiúla ann
20 Marc x2	20 - 17	16 - 14	13 - 11	10 - 8	7 - 5	4 - 0

Roinn B (b)

Cuir síos ar conas a léirigh focail agus gníomhartha Íosa Nazórach feasacht ar a raibh i gceist le dhá cheann de na hionchais thíos ag na Giúdaigh leis an Meisias:

● Dáivíoch ● Sagartúil ● Fáidhiúil 20Mx2

Critéir Mharcála agus pointí tagartha

Léireoidh freagra sármhaith eolas ar na hionchais mheisiasacha in aimsir Íosa trí chuntas cruinn a thabhairt ar an tslí a léiríonn briathra agus gníomhaíochtaí Íosa Nazórach feasacht ar an dá ionchas Ghiúdacha maidir leis an Meisias arna léiriú sa cheist m.sh.

- Dáivíoch – an t-ionchas go mbeadh an Meisias ina shliochtach de Rí Dháiví, ceannaire míleata a chuirfidh na Rómhánaigh as cumhacht; feicthe sna ghinealaigh i Matha agus Lúcas a leanann ginealach Íosa siar go Dáiví; bhí daoine ag iarraidh Íosa a chorónú ina rí rí éis mhíorúilt na mbuilíní agus na n-iasc, ach imíonn Íosa srl.
- Sagartúil – an t-ionchas go mbeadh baint ag an Meisias le hÁrón agus le treibh Léiví mar shagairt atá ag feidhmiú mar mhinistí sa Teampall; nuair a fuair Íosa réidh leis na trádálaithe sa Teampall, chuir sé é féin sa traidisiún shagartúil de bheith ag feidhmiú mar mhinistir sa Teampall; níor labhair Íosa faoi féin i dtéarmaí na sagartachta seo. Bhí sé criticiúil faoin meon a bhí ag roinnt sagairt m.sh. parabal an tSamáraigh Mhaith srl.
- Fáidhiúil – Bhí roinnt daoine ag súil leis an Meisias a bheith cumhachtach ar nós Mhaois, a threoraigh na daoine ón sclábhaíocht agus chun na saoirse; sa Seanmóir ar an Sliabh is féidir féachaint ar Íosa mar an Maois nua atá ag cur béim ar athrú inmheánach agus gealltanais bunaithe ar an ngrá; tá baisteadh Íosa agus a dhul ar aghaidh le misean saintréitheach de ghairm fháidhiúil; luann na sluaite Íosa mar fháidh agus dar leo: ‘Rinne Dia a phobal a d’fhiosrú’ (Lúcas 7:16) srl.

B (b)	SÁRMHAITH	AN-MHAITH	MAITH	RÉASÚNTA	LAG - AN LAG - GAN AON GHRÁD	
Fianaise ar MC - feasacht Íosa ar dhá ionchas Ghiúdacha don Meisias	fianaise shubstaintiúil	fianaise an-mhaith	fianaise mhaith	fianaise leordhóthanach	fianaise uireasach	fíorbheagán fianaise/ gan aon fhianaise
Baint	baint iomlán agus shoiléir	baint shoiléir	baint ghinearálta	baint teoranta	baint bheag	Gan bhaint
Úsáid scile(anna) - chun cuntas cruinn a thabhairt	Cuntas sármhaith	Cuntas an-mhaith	cuntas maith	cuntas éigean	is beag an cuntas a thugtar	is an-bheag an cuntas a thugtar/ ní thugtar cuntas
Cruinneas Fíorasach	gan aon mhór-earráid(i)	is an-bheag an earráid/na hearráidí atá ann	is beag na mór-earráidí atá ann	roinnt mór-earráidí ann	mórán mór-earráidí ann	earráid shubstaintiúil/ earráidí substaintiúla ann
20 Marc x2	20 - 17	16 - 14	13 - 11	10 - 8	7 - 5	4 - 0

Roinn B (c) (i).

Déan cur síos ar dhá shampla dá bhfuil bainte amach san iarracht ar son na haontachta idir Eaglaisí Críostaí sa lá atá inniu ann. 20Mx2

Critéir Mharcála agus pointí tagartha

Léireoidh freagra sármhaith eolas ar an ngluaiseacht éacúiméineach trí chuntas cruinn a thabhairt ar dhá éacht atá bainte amach sa chuardach don aontacht idir eaglaisí Chríostaí sa lá atá inniu ann m.sh.

- Comhairle Eaglaisí na hÉireann – is féidir an dul i ngleic leis an bhforéigean, éadulaingt nó seicteachas a rianú siar chuig misean Íosa chun an tsíocháin a chur chun cinn in ionad an fhoréigin srl.
- Is féidir Eaglaisí Críostaí ag glacadh páirt i gcomhphaidreoireacht le linn Sheachtain na hAontachta Críostaí a rianú siar chuig forbairtí ar nós foraithe an Dara Comhairle Vatacánach maidir leis an éacúiméineachas srl.
- Srl.

B (c) (i)	SÁRMHAITH	AN-MHAITH	MAITH	RÉASÚNTA	LAG - AN LAG - GAN AON GHRÁD	
Fianaise ar MC - dhá éacht sa chuardach don aontacht Chríostaí sa lá atá inniu ann.	fianaise shubstaintiúil	fianaise an-mhaith	fianaise mhaith	fianaise leordhóthanach	fianaise uireasach	fíorbheagán fianaise/gan aon fhianaise
Baint	baint iomlán agus shoiléir	baint shoiléir	baint ghinearálta	baint theoranta	baint bheag	Gan bhaint
Úsáid scile(anna) - chun cuntas cruinn a thabhairt	Cuntas sármhaith	Cuntas an-mhaith	cuntas maith	cuntas éigean	is beag an cuntas a thugtar	is an-bheag an cuntas a thugtar/ní thugtar cuntas
Cruinneas Fíorasach	gan aon mhór-earráid(i)	is an-bheag an earráid/na hearráidí atá ann	is beag na mór-earráidí atá ann	roinnt mór-earráidí ann	mórán mór-earráidí ann	earráid shubstaintiúil/earráidí substaintiúla ann
20 Marc x2	20 - 17	16 - 14	13 - 11	10 - 8	7 - 5	4 - 0

Nó Roinn B (c) (ii)

Próifiligh conas a chuimhnítear ar fhocail agus ar ghníomhartha Íosa Nazórach in dhá shearmanas atá mar chuid den adhradh Críostaí sa lá atá inniu ann. 20Mx2

Critéir Mharcála agus pointí tagartha

Léireoidh freagra sármhaith eolas ar shuntas shaol, bhás agus aiséirí Íosa do Chríostaithe trí rianú cruinn a dhéanamh ar conas a chuimhnítear ar Íosa Nazórach sa lá atá inniu ann in dhá shearmanas atá mar chuid d'adhradh Críostaí sa lá inniu ann m.sh.

Cuimhníonn an Eaglais Chaitliceach Rómhánach ar bhaisteadh Íosa san Iordáin trí dheasghnáth an bhaiste (is siombail de shaol nua i gCríost é a bheith beannaithe le hola agus le huisce) srl.

- Cuimhnítear ar an Suipéar Déanach trí liotúirge na hEocairiste — tugann an éisteacht le scríoptúir Chríostaí briathra, gníomhartha agus féiniobairt Íosa chun cuimhne srl.
- Srl.

B (c) (ii)	SÁRMHAITH	AN-MHAITH	MAITH	RÉASÚNTA	LAG - AN LAG - GAN AON GHRÁD	
Fianaise ar MC - conas a chuimhnítear ar Íosa Nazórach sa lá atá inniu ann i ndeasghnátha Críostaí	fianaise shubstaintiúil	fianaise an-mhaith	fianaise mhaith	fianaise leordhóthanach	fianaise uireasach	fíorbheagán fianaise/gan aon fhianaise
Baint	baint iomlán agus shoiléir	baint shoiléir	baint ghinearálta	baint theoranta	baint bheag	Gan bhaint
Úsáid scile(anna) - rianú go cruinn	rianú sármhaith	rianú an-mhaith	rianú maith	roinnt rianaithe	is beag an rianú a rinneadh	is an-bheag an rianú a dhéantar/ní dhéantar rianú
Cruinneas Fíorasach	gan aon mhórearráid(i)	is an-bheag an earráid/na hearráidí atá ann	is beag na mórearráidí atá ann	roinnt mórearráidí ann	mórán mórearráidí ann	earráid shubstaintiúil/earráidí substaintiúla ann
20 Marc x2	20 - 17	16 - 14	13 - 11	10 - 8	7 - 5	4 - 0

Roinn C (a)

Scrúdaigh an chaoi ar féidir an gaol idir na gnéithe ‘naofa’ agus ‘saolta’ den saol a chur in iúl leis an ról a imríonn daoine aonair laistigh de reiligiún. 40M/20Mx2

Critéir Mharcála agus pointí tagartha

Léireoidh freagra sármhaith tuiscint ar an tslí ar féidir an bhraistint sácráilteachta i ngnáthghnéithe an tsaoil, trí shúil ghéar a chaitheamh ar an gcaidreamh idir na gnéithe naofa agus saolta, atá le sonrú sa ról atá ag daoine aonair mar chuid de reiligiún m.sh.

- Seaman – fear nó bean a fhaigheann tíolacthaí óna s(h)insir chun a bheith ina (h)eadránaí idir na gnéithe naofa agus saolta; idir an cine daonna agus na spioraid atá sa chosmas srl.
- An Chríostaíocht – Is féidir sin a fheiceáil tríd na ról a ghlacann Críostaithe taobh istigh dá n-eaglais m.sh. Ministir na hEocairiste, Ministir an Bhriathair srl.
- Ioslam – baineann fir atá oiliúnaithe sa dlí Ioslamach (Ulama) ciall as an Sharia agus treoraíonn siad an pobal maidir le conas maireachtáil de réir thoil Allah srl.
- Srl.

Nóta: Glac le freagraí tuairisciúla agus tagairt intuigthe do dhaoine aonair, gnéithe ‘naofa’ agus ‘saolta’.

C (a)	SÁRMHAITH	AN-MHAITH	MAITH	RÉASÚNTA	LAG - AN LAG - GAN AON GHRÁD	
Fianaise ar MC - conas atá an caidreamh idir na gnéithe naofa agus saolta le sonrú i ról an duine aonair mar chuid de reiligiún	fianaise shubstaintiúil	fianaise an-mhaith	fianaise mhaith	fianaise leordhóthanach	fianaise uireasach	fíorbheagán fianaise/gan aon fhianaise
Baint	baint iomlán agus shoiléir	baint shoiléir	baint ghinearálta	baint theoranta	baint bheag	Gan bhaint
Úsáid scile(anna) – súil ghéar a chaitheamh	súil ghéar a caite go sármhaith	súil ghéar a caite go han-mhaith	súil ghéar a caite go maith	súil ghéar a caite go pointe	súil ghéar a caite go lag	súil ghéar a caite go han-lag/gan súil ghéar caite
Cruinneas Fíorasach	gan aon mhór-earráid(i)	is an-bheag an earráid/na hearráidí atá ann	is beag na mór-earráidí atá ann	roinnt mór-earráidí ann	mórán mór-earráidí ann	earráid shubstaintiúil/earráidí substaintiúla ann
40 Marc	40 - 34	33 - 28	27 - 22	21 - 16	15 - 10	9 – 0
20 Marcx2	20 - 17	16 - 14	13 - 11	10 - 8	7 - 5	4 - 0

Roinn C (b)

Cuir i gcomparáid an tslí a bhfuil struchtúr agus eagar ar phobal creidmheach i reiligiún amháin as Liosta A agus i reiligiún amháin as Liosta B thíos:

LIOSTA A: ● An Chríostaíocht (aon sainchreideamh) ● An Giúdachas

LIOSTA B: Ioslam ● An Búdachas ● An Hiondúchas ● Ioslam 40M/20Mx2

Critéir Mharcála agus pointí tagartha

Léireoidh freagra sármhaith eolas ar mhór-reiligiúin domhanda trí chosúlacht agus/nó difríocht amháin nó níos mó a shainaithint i struchtúr agus in eagar dhá reiligiún arna liostú sa cheist m.sh..

- An Chríostaíocht agus an Búdachas – níl foras rialaithe iontu; tá an Chríostaíocht éagsúil ón mBúdachas sa mhéid is go bhfuil struchtúr paróisteach sna hEaglaisí Críostaí agus tagann creidmhigh le chéile le haghaidh adhradh comhchoiteann seachtainiúil ach sa Bhúdachas ní bhailíonn an pobal áitiúil le chéile go rialta chun adhradh a dhéanamh srl.
- An Giúdachas agus an Chríostaíocht – tá na hionaid phobail bunaithe ar ionaid adhartha ina mbailíonn baill le haghaidh adhradh comhchoiteann ar lá ar leith; déantar tarluithe suntasacha sa saol a cheiliúradh mar phobal srl.

Nóta: Ceadaiigh tagairt intuigthe do chosúlacht agus/nó difríocht amháin nó níos mó.

C (b)	SÁRMHAITH	AN-MHAITH	MAITH	RÉASÚNTA	LAG - AN LAG - GAN AON GHRÁD	
Fianaise ar MC - cosúlachtaí /difríochtaí a shainaithint idir na struchtúir/na heagair atá ag dhá chreideamh mar a liostaítear sa cheist	fianaise shubstaintiúil	fianaise an-mhaith	fianaise mhaith	fianaise leordhóthanach	fianaise uideasach	fíorbheagán fianaise/gan aon fhianaise
Baint	baint iomlán agus shoiléir	baint shoiléir	baint ghinearálta	baint theoranta	baint bheag	Gan bhaint
Úsáid scile(anna) - cosúlacht agus/nó difríocht amháin nó níos mó a shainaithint go cruinn	Cosúlachtaí agus/nó difríochtaí sármhaithe	cosúlachtaí agus/nó difríochtaí an-mhaith	cosúlachtaí agus/nó difríochtaí maithe	roinnt cosúlachtaí agus/nó difríochtaí	beagán cosúlachtaí agus/nó difríochtaí	fíorbheagán/gan chosúlachtaí agus/nó difríochtaí
Cruinneas Fíorasach	gan aon mhór- earráid(í)	is an- bheag an earráid/na hearráidí atá ann	is beag na mór- earráidí atá ann	roinnt mór- earráidí ann	mórán mór- earráidí ann	earráid shubstaintiúil/earráidí substaintiúla ann
40 Marc	40 - 34	33 - 28	27 - 22	21 - 16	15 - 10	9 - 0
20 Marcx2	20 - 17	16 - 14	13 - 11	10 - 8	7 - 5	4 - 0

Roinn C (c)

Tabhair breac-chuntas ar bhunús an ghaoil idir an Chríostaíocht agus an Giúdachas faoi gach ceann de na ceannteidil seo: ● Fís an tslánaithe ● Traidisiún Ceiliúrtha 20Mx2

Critéir Mharcála agus pointí tagartha

Léireoidh freagra sármhaith eolas ar an gcaidreamh idir an Chríostaíocht agus an Giúdachas trí eolas cruinn a leagan amach ar bhunús an chaidrimh idir an Chríostaíocht agus an Giúdachas maidir lena bhfís slánaithe agus mar thraidisiúin cheiliúrtha m.sh.

- Traidisiún ceiliúrtha – Tá ceiliúradh na hEocairiste sa Chríostaíocht fréamhaithe i bhféile Cháisc na nGiúdach toisc go raibh Íosa agus a Dheisceabail ina nGiúdaigh srl.
- Fís an tslánaithe – An is í an tuiscint gurb é Íosa an Meisias ina cuid den tuiscint Chríostaí ar an slánú, a thagann ón gcreideamh Sean-Tiomna a bhaineann le ‘hUngthach’, atá aistrithe san Eabhrais mar ‘Chríost’ nó ‘Meisias’ srl.
- Srl.

C (c)	SÁRMHAITH	AN-MHAITH	MAITH	RÉASÚNTA	LAG - AN LAG - GAN AON GHRÁD	
Fianaise ar MC - an bunús leis an gcaidreamh idir an Chríostaíocht agus an Giúdachas ina bhfís slánaithe agus mar thraidisiúin cheiliúrtha	fianaise shubstaintiúil	fianaise an-mhaith	fianaise mhaith	fianaise leordhóthanach	fianaise uireasach	fíorbheagán fianaise/gan aon fhianaise
Baint	baint iomlán agus shoiléir	baint shoiléir	baint ghinearálta	baint theoranta	baint bheag	Gan bhaint
Úsáid scile(anna) - chun eolas cruinn a leagan amach	eolas leagtha amach go sármhaith	eolas leagtha amach go han-mhaith	eolas leagtha amach go maith	roinnt eolais leagtha amach	is beag an t-eolas atá leagtha amach	is an-beag an t-eolas atá leagtha amach/ní leagtar eolas amach
Cruinneas Fíorasach	gan aon mhór-earráid(i)	is an-bheag an earráid/na hearráidí atá ann	is beag na mór-earráidí atá ann	roinnt mór-earráidí ann	mórán mór-earráidí ann	earráid shubstaintiúil/earráidí substaintiúla ann
20 Marc x2	20 - 17	16 - 14	13 - 11	10 - 8	7 - 5	4 - 0

Roinn D (a)

‘Tá an mhoráltacht fréamhaithe chomh domhain sin inár ngnáthshaol gur deacair sochaí a shamhlú gan aon rialacha morálta.’

Scrúdaigh an fhianaise leis an ráiteas seo agus déan tagairt do dhá shampla den chaoi ar féidir an mhoráltacht a fheiceáil mar ghné dhaonna nádúrtha i saol daoine inniu. 20M X2

Critéir Mharcála agus pointí tagartha

Léireoidh freagra sármhaith eolas ar an moráltacht trí imscrúdú a dhéanamh ar dhá shampla den bhealach ar féidir féachaint ar ‘an maith a dhéanamh agus an t-olc a sheachaint’ ina ngnéithe nádúrtha daonna i saoil na ndaoine sa lá atá inniu ann agus fianaise thacaíochta a sholáthar le haghaidh conclúidí a dtagtar orthu m.sh.

- Ómós do na mairbh m.sh. Déanann daoine an-iarracht go deo chun an deasghnáth a dhéanamh den bhás agus é a dhéanamh maorga m.sh. uaigheanna, scrínte, cuimhneacháin srl.
- Srl.

Nóta: Ceadaiigh teacht ar chonclúidí maidir le conas nach féidir féachaint ar ‘an maith a dhéanamh agus an t-olc a sheachaint’ ina ngnéithe nádúrtha daonna srl.

D (a)	SÁRMHAITH	AN-MHAITH	MAITH	RÉASÚNTA	LAG - AN LAG - GAN AON GHRÁD	
Fianaise ar MC - samplaí & conclúidí maidir leis an mbealach a bhfuil ‘an mhaith a dhéanamh agus an t-olc a sheachaint’ ina ngnéithe nádúrtha daonna i saoil na ndaoine sa lá atá inniu ann.	fianaise shubstaintiúil	fianaise an-mhaith	fianaise mhaith	fianaise leordhóthanach	fianaise uireasach	fíorbheagán fianaise/gan aon fhianaise
Baint	baint iomlán agus shoiléir	baint shoiléir	baint ghinearálta	baint theoranta	baint bheag	Gan bhaint
Úsáid scile(anna) – fianaise thacaíochta ar na conclúidí a iniúchadh agus a sholáthar	fianaise thacaíochta ar na conclúidí iniúchta agus soláthraithe go sármhaith	fianaise thacaíochta ar na conclúidí iniúchta agus soláthraithe go han-mhaith	fianaise thacaíochta ar na conclúidí iniúchta agus soláthraithe go maith	fianaise thacaíochta ar na conclúidí iniúchta agus soláthraithe go réasúnta	beagán fianaise thacaíochta ar na conclúidí iniúchta agus soláthraithe	fíorbheagán fianaise thacaíochta / gan fianaise thacaíochta ar na conclúidí iniúchta agus soláthraithe
Cruinneas Fíorasach	gan aon mhór-earráid(i)	is an-bheag an earráid/na hearráidí atá ann	is beag na mór-earráidí atá ann	roinnt mór-earráidí ann	mórán mór-earráidí ann	earráid shubstaintiúil/earráidí substaintiúla ann
20 Marc x2	20 - 17	16 - 14	13 - 11	10 - 8	7 - 5	4 - 0

Roinn D (b)

Tabhair achoimre ar a bhfuil i gceist in dhá chéim den fhorbairt phearsanta mhorálta atá curtha chun cinn ag teoiricí morálta amháin a bhfuil staidéar déanta agat air/uirthi 20Mx2

Critéir Mharcála agus pointí tagartha

Léireoidh freagra sármhaith eolas ar an bhforbairt mhorálta trí eolas cruinn a leagan amach ar a mbaineann le dhá chéim san fhorbairt mhorálta atá curtha chun cinn ag teoiricí moráltachta m.sh.

- Piaget – Tuigeanann páistí an mhoráltacht ó rialacha a leagann daoine le húdarás amach agus toisc go mbeidh pionós i gceist nuair a bhristear na rialacha seo; faoin am a mbíonn siad tuairim is 10 mbliana d’aois tosaíonn páistí ag smaoineamh ar dhearcthaí daoine eile srl.
- Kohlberg – An chéim réamh-chomhghnásach: eagla roimh phionós agus cúiteamh á lorg; an chéim Chomhghnásach: ag iarraidh míshástacht agus cáineadh ó dhaoine le húdarás a sheachaint; an chéim Iar-Chomhghnásach: Déantar breithiúnais bunaithe ar luachanna morálta srl.
- Srl.

C D b)	SÁRMHAITH	AN-MHAITH	MAITH	RÉASÚNTA	LAG - AN LAG - GAN AON GHRÁD	
Fianaise ar MC - dhá chéim de theoiric forbartha morálta	fianaise shubstaintiúil	fianaise an-mhaith	fianaise mhaith	fianaise leordhóthanach	fianaise uireasach	fíorbheagán fianaise/gan aon fhianaise
Baint	baint iomlán agus shoiléir	baint shoiléir	baint ghinearálta	baint theoranta	baint bheag	Gan bhaint
Úsáid scile(anna) – chun eolas cruinn a leagan amach	eolas leagtha amach go sármhaith	eolas leagtha amach go han-mhaith	eolas leagtha amach go maith	roinnt eolais leagtha amach	is beag an t-eolas atá leagtha amach	is an-beag an t-eolas atá leagtha amach/ní leagtar eolas amach
Cruinneas Fíorasach	gan aon mhór-earráid(i)	is an-bheag an earráid/na hearráidí atá ann	is beag na mór-earráidí atá ann	roinnt mór-earráidí ann	mórán mór-earráidí ann	earráid shubstaintiúil/earráidí substaintiúla ann
20 Marc x2	20 - 17	16 - 14	13 - 11	10 - 8	7 - 5	4 - 0

Roinn D (c)

Rianaigh an chaoi ar féidir an tionchar atá ag an gConradh agus ag na Deich nAitheanta a fheiceáil in dhá shampla de sheanmóireacht Íosa Nazórach. 20M X2

Critéir Mharcála agus pointí tagartha

Léireoidh freagra sármhaith eolas ar an moráltacht agus ar an traidisiún Críostaí trí dhá shampla chruinne a leagan amach maidir leis an mbealach ar féidir tionchar an Chonartha agus na nDeich nAitheanta a fheiceáil i dteagasc Íosa m.sh.

- D'úsáid Íosa an Conradh chun a seanmóireacht ar chumhacht na haithne don ghrá a chomhtháthú, is féidir sin a fheiceáil nuair a níonn Íosa cosa na ndeisceabal, a léiríonn a ghrá gan choinníoll srl.
- Múineann an tSeanmóir ar an Sliabh agus seanmóireacht Íosa maidir leis an mbealach chun maireachtáil do Chríostaithe gan fuath a léiriú ar a chéile, atá fréamhaithe sna Deich Aitheanta m.sh. ná shantaigh maoin do chomharsan srl.
- Srl.

C D (b)	SÁRMHAITH	AN-MHAITH	MAITH	RÉASÚNTA	LAG - AN LAG - GAN AON GHRÁD	
Fianaise ar MC – tionchar an Chonartha agus na nDeich nAitheanta artheagasc Íosa.	fianaise shubstaintiúil	fianaise an-mhaith	fianaise mhaith	fianaise leordhóthanach	fianaise uireasach	fíorbheagán fianaise/gan aon fhianaise
Baint	baint iomlán agus shoiléir	baint shoiléir	baint ghinearálta	baint theoranta	baint bheag	Gan bhaint
Úsáid scile(anna) - an tionchar leagtha amach	an tionchar leagtha amach go sármhaith	an tionchar leagtha amach go han-mhaith	an tionchar leagtha amach go maith	roinnt den tionchar leagtha amach	beagán den tionchar leagtha amach	fíorbheagán den tionchar/gan aon tionchar leagtha amach
Cruinneas Fíorasach	gan aon mhór-earráid(i)	is an-bheag an earráid/na hearráidí atá ann	is beag na mór-earráidí atá ann	roinnt mór-earráidí ann	mórán mór-earráidí ann	earráid shubstaintiúil/earráidí substaintiúla ann
20 Marc x2	20 - 17	16 - 14	13 - 11	10 - 8	7 - 5	4 - 0

AONAD A TRÍ

Caithfidh iarrthóirí freagra a thabhairt ar chuid a) nó ar chuid b) ó cheann **amháin** de na ceithre roinn seo a leanas.

Roinn F (a) (i)

Chuir Mahatma Gandhi stíl mhaireachtála neamhforéigneach chun cinn i rith a shaoil, agus d'úsáid sé neamhforéigean mar chineál agóide i gcúinsí coimhlinte.

Déan cur síos ar a raibh i gceist le sampla eile den chaoi ar cothaíodh síocháin i gcás coimhlinte a ndearna tú staidéar air.40M

Critéir Mharcála agus pointí tagartha

Léireoidh freagra sármhaith eolas ar pheirspictíochtaí ar an gcóir agus an síocháin trí chuntas cruinn a thabhairt ar an mbealach ar baineadh an tsíocháin amach i gcás coimhlinte, seachas an sampla a tugadh sa cheist m.sh.

- Tuaisceart Éireann – cainteanna idir páirtithe polaitíochta i bPoblacht na hÉireann, Tuaisceart Éireann agus an Ríocht Aontaithe, a tharla chun dul i ngleic leis na fadhbanna a bhí ina gcúiseanna leis an gcoimhlint; dá bharr, bunaíodh rialtas cineachta le haghaidh TÉ le hionadaithe ó phobail éagsúla taobh istigh de Thuaisceart Éireann ann srl.
- D'fhéadfadh an foréigean a leanann cás 'Cogaidh Chóir' críoch a chur le coimhlint m.sh. an Dara Cogadh Domhanda srl.
- Srl.

F (a) (i)	SÁRMHAITH	AN-MHAITH	MAITH	RÉASÚNTA	LAG - AN LAG - GAN AON GHRÁD	
Fianaise ar MC - sampla den chaoi ar baineadh an tsíocháin amach i gcás coimhlinte	fianaise shubstaintiúil	fianaise an-mhaith	fianaise mhaith	fianaise leordhóthanach	fianaise uireasach	fíorbheagán fianaise/gan aon fhianaise
Baint	baint iomlán agus shoiléir	baint shoiléir	baint ghinearálta	baint theoranta	baint bheag	Gan bhaint
Úsáid scile(anna) – chun cuntas cruinn a thabhairt	cuntas cruinn a thabhairt go sármhaith	cuntas cruinn a thabhairt go han-mhaith	cuntas cruinn a thabhairt go maith	cuntas cruinn éigean a thabhairt	is beag an cuntas cruinn a thugtar	is an-bheag an cuntas cruinn a thugtar/ní thugtar cuntas cruinn
Cruinneas Fíorasach	gan aon mhór-earráid(i)	is an-bheag an earráid/na hearráidí atá ann	is beag na mór-earráidí atá ann	roinnt mór-earráidí ann	mórán mór-earráidí ann	earráid shubstaintiúil/e arráidí substaintiúla ann
40 Marc	40 - 34	33 - 28	27 - 22	21 - 16	15 - 10	9 - 0

Roinn F (a) (ii)

● Conair na nOcht Rian den Bhúdachas ● Fís Ghiúd-Chríostaí na Córa

● Ceithre Varna an Hiondúchais ● Zakat Ioslam

Mínigh conas a d'fhéadfadh dhá cheann de na teagaisc reiligiúnacha thuas tionchar a imirt ar chreidmhigh oibriú ar mhaithe le cóir agus síocháin i saol an lae inniu. 20x2M

Critéir Mharcála agus pointí tagartha

Léireoidh freagra sármhaith tuiscint ar pheirspictíochtaí reiligiúnacha maidir leis an gcóir agus síocháin trí chuntas cruinn a thabhairt ar chúis amháin nó níos mó ar féidir dhá cheann de na peirspictíochtaí reiligiúnacha arna liostú sa cheist dul i bhfeidhm ar chreidmhigh chun obair i gcomhair na córa agus síochána sa domhan sa lá atá inniu ann m.sh.

- Conair na nOcht Rian sa Bhúdachas m.sh. Gníomh ceart – spreagtar daoine chun caitheamh le daoine eile le cineáltas, meas srl a chabhraíonn le duine dul i ngleic leis na cúiseanna leis an éagóir sa domhan srl.
- Fís Ghiúd-Chríostaí m.sh. léiríonn scríoptúir Eabhraise agus Chríostaí Dia á cheangail leis an gcine daonna le comhbhá, grá, cineáltas srl. arbh fhéidir leis dul i bhfeidhm ar chreidmhigh chun maireachtáil chun caitheamh le daoine eile go cothrom srl.
- Ceithre Varna an Hiondúchais m.sh. daoine arna scaradh de réir a ról sa saol/áit (nó aicme) sa tsochaí i.e. na Brámain, an Aicme Uasal, na Comóntaigh agus na Seirfigh; cuirtear iallach ar dhaoine prionsabail eiticiúla a leanúint a spreagann obair i dtreo na córa sóisialta srl.
- Zakat Ioslam m.sh. Ceithre Colún Ioslam, almsóireacht ordaithe ag Allah ar son an chomhionannais agus na córa; spreagtarfeasacht maidir leo siúd nach bhfuil deisiúil srl.

C F a) ii	SÁRMHAITH	AN-MHAITH	MAITH	RÉASÚNTA	LAG - AN LAG - GAN AON GHRÁD	
Fianaise ar MC - conas is féidir le dhá pheirspictíocht reiligiúnach dul i bhfeidhm ar chreidmhigh chun a bheith ag obair i gcomhair na córa agus síochána	fianaise shubstaintiúil	fianaise an-mhaith	fianaise mhaith	fianaise leordhóthanach	fianaise uireasach	fíorbheagán fianaise/gan aon fhianaise
Baint	baint iomlán agus shoiléir	baint shoiléir	baint ghinearálta	baint theoranta	baint bheag	Gan bhaint
Úsáid scile(anna) – cuntas cruinn a thabhairt ar na cúiseanna	Cuntas sármhaith ar na cúiseanna	cuntas an-mhaith ar na cúiseanna	cuntas maith ar na cúiseanna	cuntas éigean ar na cúiseanna	Is beag an cuntas a thugtar ar na cúiseanna	Is an-bheag an cuntas a thugtar/ní thugtar aon chuntas ar na cúiseanna
Cruinneas Fíorasach	gan aon mhór-earráid(i)	is an-bheag an earráid/na hearráidí atá ann	is beag na mór-earráidí atá ann	roinnt mór-earráidí ann	mórán mór-earráidí ann	earráid shubstaintiúil/earráidí substaintiúla ann
20 Marc x2	20 - 17	16 - 14	13 - 11	10 - 8	7 - 5	4 - 0

Nó Roinn F (b) (i)

Breac achoimre ar bhunphrionsabail theoiric an ‘Chogaidh Chóir’ agus mínigh conas a d’fhéadfaidís baint le cás coimhlinte amháin a ndearna tú staidéar air 40M

Critéir Mharcála agus pointí tagartha

Léireoidh freagra sármhaith eolas ar chineálacha éagsúla foréigin trí fhaisnéis chruinn a leagan amach maidir leis an mbealach ar féidir dhá phrionsabal nó níos mó de theoiric an ‘Chogaidh Chóir’ a bheith bainteach le cás coimhlinte m.sh.

- Bunphrionsabail theoiric an chogaidh chóir a leag Agaistín amach – tá gach cogadh olc agus déanann sé iarracht é seo a chothromú le prionsabal na féinchosanta; is féidir údar a thabhairt leis an gcogadh nuair atá sé níos fearr mar rogha ná an rogha eile, ach faoi choinníollacha diana amháin m.sh. cúis chóir, údarás inniúil, intinn cheart, rogha deiridh, dóchúlacht ratha, agus comhréireacht; caithfidh go mbeidh comhréireacht (an mhaith a dhéantar i gcomhréir leis an olc a dhéantar) agus idirdhealú (ionsaithe ar neamhthrodaithe agus targaid neamh-mhíleata a chosc) sa chogadh srl.
- Cásanna coimhlinte – m.sh. an Cogadh san Afganastáin an Afganastáin – mar dhíoltas as ionsaí sceimhlitheoireachta 9/11 a rinne an Talaban, ionsaí a mharaigh a lán daoine soineanta srl.
- Srl.

F (b) (i)	SÁRMHAITH	AN-MHAITH	MAITH	RÉASÚNTA	LAG - AN LAG - GAN AON GHRÁD	
Fianaise ar MC - conas a d’fhéadfadh dhá phrionsabal nó níos mó a bhaineann le teoiric an ‘Chogaidh Chóir’ a bheith bainteach le cás coimhlinte	fianaise shubstaintiúil	fianaise an-mhaith	fianaise mhaith	fianaise leordhóthanach	fianaise uireasach	fíorbheagán fianaise/gan aon fhianaise
Baint	baint iomlán agus shoiléir	baint shoiléir	baint ghinearálta	baint theoranta	baint bheag	Gan bhaint
Úsáid scile(anna) – chun eolas cruinn a leagan amach	eolas leagtha amach go sármhaith	eolas leagtha amach go han-mhaith	eolas leagtha amach go maith	roinnt eolais leagtha amach	is beag an t-eolas atá leagtha amach	is an-beag an t-eolas atá leagtha amach/ní leagtar eolas amach
Cruinneas Fíorasach	gan aon mhórearráid(i)	is an-bheag an earráid/na hearráidí atá ann	is beag na mórearráidí atá ann	roinnt mórearráidí ann	mórán mórearráidí ann	earráid shubstaintiúil/ earráidí substaintiúla ann
40 Marc	40 - 34	33 - 28	27 - 22	21 - 16	15 - 10	9 - 0

Roinn F (b) (ii)

Ainmnigh tráchtair amháin ar chúrsaí reiligiúin agus comhshaoil agus tabhair achoimre ar conas a tugadh aird ar shaincheist chomhshaoil de bharr a s(h)aoil agus a t(h)uairimí.
40M

Critéir Mharcála agus pointí tagartha

Léireoidh freagra sármhaith tuiscint ar pheirspictíochtaí reiligiúnacha maidir leis na ceistanna timpeallachtaí trí eolas a shainaithint agus a leagan amach go cruinn maidir le conas a tugadh aird ar cheist timpeallachta de bharr saol agus smaointí tráchtálaí reiligiúin agus timpeallachta amháin m.sh.

